2025/2208

4.11.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2208 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le stádas ESB roinnt réigiún den Ríocht Aontaithe

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 7264)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(2), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 go bhfuil na Ballstáit nó tríú tíortha nó réigiúin díobh (tíortha nó réigiúin) le haicmiú de réir a stádais einceifileapaite spúinsí bólachta (ESB) i gceann de thrí chatagóir: riosca diomaibhseach ESB, riosca rialaithe ESB agus riosca neamhchinntithe ESB.

(2) Foráiltear le hAirteagal 5(2), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 go bhféadfar athmheasúnú a dhéanamh ar an aicmiú ESB ar leibhéal an Aontais más rud é gur chuir an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) Stát iarrthach i gceann de na trí chatagóir ESB.

(3) I gCinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún ([2]), liostaítear stádas ESB na dtíortha nó na réigiún de réir a riosca ESB i gCodanna A, B nó C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh sin. Meastar go mbaineann riosca diomaibhseach ESB leis na tíortha nó na réigiúin a liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn sin, meastar go mbaineann riosca rialaithe ESB leo siúd a liostaítear i gCuid B, agus foráiltear le Cuid C den Iarscríbhinn sin go measfar gur riosca neamhchinntithe ESB a bhaineann leis na tíortha nó na réigiúin nach liostaítear i gCodanna A nó B.

(4) Faoi láthair, is laistigh de Chuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2007/453/CE a thagann an Ríocht Aontaithe cé is moite de Thuaisceart Éireann, mar thíortha lena mbaineann riosca rialaithe ESB.

(5) An 29 Bealtaine 2025, ghlac Comhthionól Domhanda Thoscaireachtaí WOAH Rún Uimh. 17, dar teideal '*Recognition of the Bovine Spongiform Encephalopathy Risk Status of Members*' ([3]) [Aitheantas do Stádas Riosca na mBall maidir le hEinceifileapaite Spúinseach Bhólachta], a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2025. Aithníodh sa rún sin go bhfuil riosca diomaibhseach ESB ag baint le criosanna Shasana agus na Breataine Bige, agus na hAlban sa Ríocht Aontaithe, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i gCód WOAH um Shláinte na nAinmhithe Talún. Tar éis athmheasúnú an scéil ar leibhéal an Aontais, agus i ngeall ar Rún Uimh. 17 ó WOAH, mheas an Coimisiún gur cheart stádas ESB WOAH nua chriosanna Shasana agus na Breataine Bige agus na hAlban sa Ríocht Aontaithe a léiriú san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2007/453/CE.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart liosta na dtíortha nó na réigiún san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2007/453/CE a leasú ionas gur i gCuid A den Iarscríbhinn sin a liostófar criosanna Shasana agus na Breataine Bige, agus na hAlban sa Ríocht Aontaithe, is é sin faoi thíortha nó réigiúin a mbaineann riosca diomaibhseach ESB leo.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2007/453/CE a leasú dá réir.

([1]) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/999/oj.
([2]) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lena mbunaítear stádas ESB na mBallstát agus tríú tíortha nó réigiún díobh de réir an riosca ESB a bhaineann leo, (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/453/2021-08-10).
([3]) https://www.woah.org/app/uploads/2025/06/92gs-2025-res-17-tech-bse-status-final-en.pdf.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh 2007/453/CE.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN

'LIOSTA DE THÍORTHA NÓ DE RÉIGIÚIN

A. **Tíortha nó réigiúin lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB**

Ballstáit

— an Bheilg

— an Bhulgáir

— an tSeicia

— an Danmhairg

— an Ghearmáin

— an Eastóin

— Éire

— an Spáinn

— an Fhrainc

— an Chróit

— an Iodáil

— an Chipir

— an Laitvia

— an Liotuáin

— Lucsamburg

— an Ungáir

— Málta

— an Ísiltír

— an Ostair

— an Pholainn

— an Phortaingéil

— an Rómáin

— an tSlóivéin

— an tSlóvaic

— an Fhionlainn

— an tSualainn

Réigiúin de na Ballstáit ([1])

— Tuaisceart Éireann

Tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa

— an Íoslainn

— Lichtinstéin

— an Iorua

— an Eilvéis

Tríú tíortha

— an Airgintín

— an Astráil

— an Bhrasaíl

— Ceanada

— an tSile

— an Cholóim

— Cósta Ríce

— an India

— Iosrael

— an tSeapáin

— Geirsí

— an Namaib

— an Nua-Shéalainn

— Panama

— Paragua

— Peiriú

— an tSeirbia ([2])

— Singeapór

([1]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

([2]) Faoi mar a thagraítear di in Airteagal 135 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit de pháirt, agus Poblacht na Seirbia, den pháirt eile (IO L 278, 18.10.2013, lch. 16).

— Sasana agus an Bhreatain Bheag, agus Albain sa Ríocht Aontaithe

— na Stáit Aontaithe

— Uragua

B. **Tíortha nó réigiúin lena mbaineann riosca rialaithe ESB**

Ballstáit

— an Ghréig

Tríú tíortha

— Meicsiceo

— Nicearagua

— an Chóiré Theas

— an Téaváin

C. **Tíortha nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinnte ESB**

— Tíortha nó réigiúin nach liostaítear i gCodanna A ná B.’